

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Leathanach

Ceartúchán

Ceartúchán ar an bhfógra comórtais oscailte EPSO/AD/177/10 — Riarthóirí (AD 5) (IO C 64 A, 16.3.2010) (<i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C Eagrán Speisialta Gaeilge</i>)	1
Ceartúchán ar an bhfógra comórtais oscailte EPSO/AD/178-179/10 (IO C 110 A, 29.4.2010) (<i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C Eagrán Speisialta Gaeilge</i>)	6

GA
Praghas:
EUR 3

Faoin tagairt C 82 A a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

CEARTÚCHÁN

Ceartúchán ar an bhfógra comórtais oscailte EPSO/AD/177/10 — Riarthóirí (AD 5)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C 64 A an 16 Márta 2010)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C Eagrán Speisialta Gaeilge)

(2013/C 82 A/01)

Ar leathanach 1:

in ionad:

“Sula gcuirfidh tú iarratas isteach, ní mór duit an treoir atá foilsithe san Iris Oifigiúil C 57 A an 9 Márta 2010 agus ar shuíomh gréasáin EPSO a léamh go cúramach.

...

CLÁR NA nÁBHAR

- I. CÚLRA
- II. DUALGAIS
- III. INCHÁILITHEACHT
- IV. TRIALACHA IONTRÁLA
- V. COMÓRTAS OSCAILTE
- VI. PAINÉIL
- VII. CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH”

léitear:

“Roimh duit iarratas a dhéanamh, ní mór an treoir a foilsíodh in Iris Oifigiúil C 270 A an 7 Meán Fómhair 2012 agus ar shuíomh gréasáin EPSO a léamh go grinn, seachas pointe 6.3 agus pointe 6.4 a bhfuil an téacs atá ar fáil i Roinn VIII ‘Faisnéis bhreise’ curtha ina n-ionad.

...

CLÁR NA nÁBHAR

- I. CÚLRA
- II. DUALGAIS
- III. INCHÁILITHEACHT
- IV. TRIALACHA IONTRÁLA
- V. COMÓRTAS OSCAILTE
- VI. PAINÉIL
- VII. CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH
- VIII. FAISNÉIS BHREISE”;

ar leathanach 3, Roinn III, pointe 2.3:

in ionad:

“2.3.	Eolas ar theangacha
(a) Teanga 1	... Príomhtheanga: sáreolas ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh
agus (b) Teanga 2	Dara teanga (ní foláir di a bheith éagsúil le teanga 1): eolas sásúil ar an nGearmáinis, ar an mBéarla nó ar an bhFraincis”

léitear:

“2.3.	Eolas ar theangacha
(a) Teanga 1 agus (b) Teanga 2	<p>...</p> <p>Príomhtheanga: Sáreolas ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh</p> <p>Dara teanga (nach ionann agus teanga 1): Eolas sásúil ar an nGearmáinis, ar an mBéarla nó ar an bhFraincis</p> <p><i>I gcomhréir leis an mbreithiúnas a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) uaithe i gCás C 566/10 P, Poblacht na hIodáile v an Coimisiún, tá sé de cheanglas ar institiúidí an AE a shonrú cé hiad na fáthanna a bhfuil rogha an dara teanga teoranta acu do líon srianta de theangacha oifigiúla de chuid an AE agus an roghnú seo á dhéanamh.</i></p> <p><i>Dá bhrí sin, cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh dara teangacha an chomórtais seo de réir leas na seirbhíse, leas a éilíonn go mbeidh na hearcaigh nua in ann dul i mbun oibre láithreach agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn a n-oibre laethúla. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór le hobair na n-institiúidí.</i></p> <p><i>Ar bhonn an chleachtais sheanbhunaithe atá ag institiúidí an Aontais maidir leis na teangacha cumarsáide inmheánacha, agus riachtanais na seirbhísí maidir le cumarsáid sheachtrach agus próiseáil comhad á gcur san áireamh, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na teangacha is mó a úsáidtear. Ina theannta sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is mó i bhfad amach a roghnaíonn na hiarrthóirí sna comórtais, nuair is fúthu a bhíonn roghnú an dara teanga. Is léiríú é sin ar an leibhéal oideachais agus ar na hinniúlachtaí gairme ar féidir bheith ag súil leo ó na hiarrthóirí ar na poist laistigh d’institiúidí an Aontais, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad. Dá bhrí sin, agus leas na seirbhíse agus riachtanais agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí á gcur sa mheá, agus sainréimse an chomórtais seo á chur san áireamh, tá ábhar maith ann trialacha a eagrú sna trí theanga sin chun a chinntiú go mbeidh sáreolas ag na hiarrthóirí uile, is cuma cén príomhtheanga atá acu, ar cheann de na trí theanga oifigiúla sin ar leibhéal teanga oibre.</i></p> <p><i>Ina theannta sin, chun go mbeidh cothrom iomaíochta ann, ní mór do gach iarrthóir, fiú má tá ceann de na trí theanga sin ina príomhtheanga oifigiúil aige, an triail sin a dhéanamh sa dara teanga, teanga a bheidh le roghnú as na trí theanga sin. Mar sin, tugann an measúnú ar na hinniúlachtaí sonracha deis d’institiúidí an Aontais a mheas cé chomh hábailta is atá na hiarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n-iarrfar orthu bheith ag obair. Tá na bearta seo gan dochar d’fhoghlaim tríú teanga ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 45, mír 2 de na Rialacháin Foirne.”;</i></p>

ar leathanach 3, Roinn IV:

in ionad:

“IV. TRIALACHA IONTRÁLA

1. Iarrfar ort triail a dhéanamh	más rud é, le linn an chlárúcháin ar líne , gur dheimhnigh tú go gcomhlíonann tú coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III.	
2. Cineál agus marcáil na dtrialacha	Sraith de thrialacha bunaithe ar cheisteanna ilroghnacha chun do chumas agus d’inniúlacht ghinearálta a mheasúnú maidir leis na nithe seo a leanas:	
Triail (a)	réasúnaíocht bhriathartha	marcáil: 0 go 20 pointe pasmharc: 10 bpointe
Triail (b)	réasúnaíocht uimhríochta	marcáil: 0 go 10 bpointe
Triail (c)	réasúnaíocht theibí	marcáil: 0 go 10 bpointe
		pasmharc: 10 bpointí as triail (b) agus triail (c) le chéile

3. Teanga na dtrialacha	Teanga 2 (Gearmáinis, Béarla nó Fraincis)	
4. Triail breithiúnais shuíomhúil	Sraith ceisteanna ilroghnacha féachaint d'inniúlacht a mheas maidir le breithiúnas suíomhúil.	Ní chuirfear measúnú na trialach seo ar aghaidh chuig an mbord roghnúcháin ach mar chuidiú saineolach agus teicniúil don phróiseas cinnteoireachta i leith na n-iarrthóirí dá dtugtar cead isteach san ionad measúnaithe.
5. Teanga na trialach	Teanga 2 (Gearmáinis, Béarla nó Fraincis)”	

léitear:

“IV. TRIALACHA IONTRÁLA

Déanfar na trialacha iontrála ar ríomhaire, agus is é EPSO a eagróidh iad. Is é an bord roghnúcháin a chinnfidh leibhéal deacrachta na dtrialacha agus a fhaomhfaidh a mbeidh iontu i bhfianaise moltaí ó EPSO.

1. Iarrfar ort triail a dhéanamh	más rud é, le linn an chlárúcháin ar líne , gur dheimhnigh tú go gcomhlíonann tú coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III.	
2. Cineál agus marcáil na dtrialacha	Sraith de thrialacha bunaithe ar cheisteanna ilroghnacha chun do chumas agus d'inniúlacht ghinearálta a mheasúnú maidir leis na nithe seo a leanas:	
Triail (a)	réasúnaíocht bhriathartha	marcáil: 0 go 20 pointe pasmharc: 10 bpointe
Triail (b)	réasúnaíocht uimhríochta	marcáil: 0 go 10 bpointe
Triail (c)	réasúnaíocht theibí	marcáil: 0 go 10 bpointe
		pasmharc: 10 bpointí as triail (b) agus triail (c) le chéile
3. Teanga na dtrialacha	Teanga 2 (Gearmáinis, Béarla nó Fraincis)”;	

ar leathanach 4, Roinn V, pointe 1 agus pointe 2:

in ionad:

“1. Tabharfar cead isteach (*) duit san ionad measúnaithe	má fhaigheann tú ⁽¹⁾ ceann de na marcanna is fearr ⁽²⁾ mar aon le pasmharc sna trialacha iontrála agus má chomhlíonann tú, i bhfianaise na ndearbhuithe a rinne tú agus tú ag clárú ar líne , coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III. ...
2. Ionad measúnaithe:	... Scrúdófar na hinniúlachtaí sin sna bealaí seo a leanas: (a) cás-staidéar sa réimse roghnaithe (b) gníomhaíocht i ngrúpa (c) cur i láthair ó bhéal (d) agallamh struchtúrtha

(1) Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina bhfaighfidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, iarrfar orthu ar fad teacht chuig an ionad measúnaithe.

(2) Tabharfar cead isteach san ionad measúnaithe do thart ar an trí oiread iarrthóirí i gcoibhneas le líon na n-iarrthóirí atáthar a lorg mar a fhógraítear san fhógra seo agus poibleofar sin ar shuíomh EPSO (www.eu-careers.eu).

léitear:

<p>“1. Tabharfar cead isteach (*) duit san ionad measúnaithe</p>	<p>má ghnóthaíonn tú ⁽¹⁾ ceann de na marcanna is fearr ⁽²⁾ agus an pasmharc sna trialacha iontrála agus má chomhlíonann tú, i bhfianaise na ndearbhuithe a rinne tú agus tú ag clárú ar líne, coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III.</p> <p>...</p>
<p>2. Ionad measúnaithe</p>	<p>...</p> <p>Scrúdófar na hinniúlachtaí ar na bealaí seo ⁽³⁾ a leanas:</p> <p>(a) cás-staidéar ⁽⁴⁾ sa réimse a roghnaíodh</p> <p>(b) gníomhaíocht i ngrúpa</p> <p>(c) cur i láthair ó bhéal</p> <p>(d) agallamh struchtúrtha</p>

⁽¹⁾ Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina bhfaighfidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, iarrfar orthu ar fad teacht chuig an ionad measúnaithe.

⁽²⁾ Tabharfar cead isteach san ionad measúnaithe do thuairim is trí oiread líon na n- iarrthóirí a n-éireoidh leo de réir an fhógra seo agus beidh an figiúr sin ar fáil ar shuíomh EPSO (<http://blogs.ec.europa.eu/eu-careers.info/>).

⁽³⁾ Is é an Bord Roghnúcháin a bhailíocheaíonn ábhar na dtrialacha.

⁽⁴⁾ Ar chúiseanna praiticiúla, d'fhéadfadh an cás-staidéar (ar cuid dhílis é den ionad measúnaithe) bheith ar síúl in ionaid scrúdúcháin sna Ballstáit agus i dtírú tíortha, is cuma cá háit a mbeidh trialacha eile an ionaid mheasúnaithe ar síúl.”;

ar leathanach 5, Roinn VII, pointe 2:

in ionad:

<p>“2. An t-iarratas a sheoladh</p>	<p>Ag céim níos déanaí agus ar choinníoll gur duine de na n-iarrthóirí thú dá dtugtar cead isteach san ionad measúnaithe, iarrfar ort iarratas iomlán a chur isteach (iarratas leictreonach sínithe agus doiciméid tacaíochta).</p> <p>Spriodhata: cuirfear an spriodhata in iúl duit in am agus i dtráth trí do chuntas EPSO.</p> <p>Coinníollacha: féach Alt 2.2 den treoir is infheidhme maidir le comórtas oscailte.”</p>
--	--

léitear:

<p>“2. An Comhad Iarratais</p>	<p>Má bhíonn tú ar dhuine de na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh chun an ionaid mheasúnaithe, beidh ort an comhad iomlán a bhaineann le d'iarratas (an fhoirm iarratais ar líne agus í sínithe, mar aon leis na doiciméid tacaíochta) a bhreith leat ⁽⁵⁾ chuig na trialacha measúnaithe.</p> <p>Sonraí praiticiúla: féach pointe 6.1 de na treoracha do chomórtas oscailte.</p>
---------------------------------------	---

⁽⁵⁾ Déanfar dáta do choinne san ionad measúnaithe a chur in iúl duit in am agus i dtráth trí do chuntas EPSO.”;

ar leathanach 5, cuirtear isteach:

“VIII. FAISNÉIS BHREISE

Gan dochar do na hachomhairc dá bhforáiltear in Airteagal 90 agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú iarratas ar athscrúdú a chur isteach sna cásanna seo a leanas:

— murar chomhlíon EPSO na forálacha a bhfuil nós imeachta an chomórtas faoina réir,

— murar comhlíon an bord roghnúcháin na rialacha maidir lena chúraimí.

Tabhair do d'aire go bhfuil lánrogha ag an mbord roghnúcháin maidir lena chinneadh cé chomh ceart nó cé chomh mícheart atá do fhreagraí.

Má bhaineann d'iarratas le hinniúlacht an bhoird roghnúcháin, cuirfidh EPSO do litir ar aghaidh chuig cathaoirleach an bhoird roghnúcháin agus cuirfear freagra chugat a luaithe is féidir é.

Ní mór duit d'iarratas, agus an foras atá leis, a chur isteach faoi cheann 10 lá féilire ón dáta a chuir EPSO an litir ar líne chugat:

— leis an bhfoirm teagmhála atá foilsithe ar shuíomh gréasáin EPSO,

— nó le facs chuig an uimhir seo a leanas: +32 22979611.

Bíodh mar ábhar na litreach:

- uimhir an chomórtais,
 - d'uimhir iarrthóra,
 - ceann de na frásaí seo a leanas: 'demande de réexamen', 'request for review', 'Antrag auf Überprüfung' (do rogha),
 - céim an chomórtais i gceist (mar shampla: trialacha iontrála, iontráil arna diúltú, ionad measúnaithe); luaitear sin sa Ghearmáinis, sa Bhéarla nó sa Fhraincis amháin.
-

Ceartúchán ar an bhfógra comórtais oscailte EPSO/AD/178-179/10

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C 110 A an 29 Aibreán 2010)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C Eagrán Speisialta Gaeilge)

(2013/C 82 A/02)

Ar leathanach 1:

in ionad:

“Roimh dhuit iarratas a dhéanamh, ní mór an treoir a foilsíodh in Iris Oifigiúil C 57 A an 9 Márta 2010 agus ar shuíomh gréasáin EPSO a léamh go cúramach.

...

CLÁR NA nÁBHAR

- I. CÚLRA
- II. DUALGAIS
- III. INCHÁILITHEACHT
- IV. TRIALACHA IONTRÁLA
- V. IARRTHÓIRÍ A LIGEAN ISTEACH SA CHOMÓRTAS AGUS CUIREADH CHUIG AN IONAD MEASÚNAITHE
- VI. COMÓRTAS OSCAILTE
- VII. PAINÉIL
- VIII. CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH”

léitear:

“Roimh duit iarratas a dhéanamh, ní mór an treoir a foilsíodh in Iris Oifigiúil C 270 A an 7 Meán Fómhair 2012 agus ar shuíomh gréasáin EPSO a léamh go cúramach, seachas pointe 6.3 agus pointe 6.4 a bhfuil an téacs atá le fáil i Roinn IX ‘Faisnéis bhreise’ curtha ina n-ionad.

...

CLÁR NA nÁBHAR

- I. CÚLRA
- II. DUALGAIS
- III. INCHÁILITHEACHT
- IV. TRIALACHA IONTRÁLA
- V. CEAD ISTEACH SA CHOMÓRTAS AGUS SAN IONAD MEASÚNAITHE
- VI. COMÓRTAS OSCAILTE
- VII. PAINÉIL
- VIII. CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH
- IX. FAISNÉIS BHRÉISE”;

ar leathanach 3, Roinn III, pointe 2.2:

in ionad:

“2.2	Eolas ar theangacha
(a) Teanga 1	... Príomhtheanga: Sáreolas ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh
agus (b) Teanga 2	Dara teanga (ní foláir í a bheith éagsúil le teanga 1): Eolas sásúil ar an nGearmáinis, ar an mBéarla nó ar an bhFraincis”

léitear:

“2.2	Eolas ar theangacha
(a) Teanga 1	<p>...</p> <p>Príomhtheanga: Sáreolas ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh</p>
agus	
(b) Teanga 2	<p>Dara teanga (nach ionann agus teanga 1): Eolas sásúil ar an nGearmáinis, ar an mBéarla nó ar an bhFraincis</p> <p><i>I gcomhréir leis an mbreithiúnas a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) uaithi i gCás C 566/10 P, Poblacht na hIodáile v an Coimisiún, tá sé de cheanglas ar institiúidí an AE a shonrú cé hiad na fáthanna a bhfuil rogha an dara teanga teoranta acu do líon srianta de theangacha oifigiúla de chuid an AE agus an roghnú seo á dhéanamh.</i></p> <p><i>Dá bhrí sin, cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh dara teangacha an chomórtais seo de réir leas na seirbhíse, leas a éilíonn go mbeidh na hearcaigh nua in ann dul i mbun oibre láithreach agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn a n-oibre laethúla. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór le hobair na n-institiúidí.</i></p> <p><i>Ar bhonn an chleachtais sheanbhunaithe atá ag institiúidí an Aontais maidir leis na teangacha cumarsáide inmheánacha, agus riachtanais na seirbhísí maidir le cumarsáid sheachtrach agus próiseáil comhad á gcur san áireamh, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na teangacha is mó a úsáidtear. Ina theannta sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is mó i bhfad amach a roghnaíonn na hiarrthóirí sna comórtais, nuair is fúthu a bhíonn roghnú an dara teanga. Is léiriú é sin ar an leibhéal oideachais agus ar na hinniúlachtaí gairme ar féidir bheith ag súil leo ó na hiarrthóirí ar na poist laistigh d’institiúidí an Aontais, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad. Dá bhrí sin, agus leas na seirbhíse agus riachtanais agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí á gcur sa mheá, agus sainréimse an chomórtais seo á chur san áireamh, tá ábhar maith ann trialacha a eagrú sna trí theanga sin chun a chinntiú go mbeidh sáreolas ag na hiarrthóirí uile, is cuma cén phríomhtheanga atá acu, ar cheann de na trí theanga oifigiúla sin ar leibhéal teanga oibre.</i></p> <p><i>Ina theannta sin, chun go mbeidh cothrom iomaíochta ann, ní mór do gach iarrthóir, fiú má tá ceann de na trí theanga sin ina phríomhtheanga oifigiúil aige, an triail sin a dhéanamh sa dara teanga, teanga a bheidh le roghnú as na trí theanga sin. Mar sin, tugann an measúnú ar na hinniúlachtaí sonracha deis d’institiúidí an Aontais a mheas cé chomh hábailta is atá na hiarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n-iarrfar orthu bheith ag obair. Tá na bearta seo gan dochar d’fhoghlaim tríú teanga ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 45, mír 2 de na Rialacháin Foirne.”;</i></p>

ar leathanach 3, Roinn IV, roimh an mhír réamhráiteach, cuirtear isteach:

“Déanfar na trialacha iontrála ar ríomhaire, agus is é EPSO a eagróidh iad. Is é an bord roghnúcháin a chinnefidh leibhéal deacrachta na dtrialacha agus a fhaomhfaidh a mbeidh iontu i bhfianaise moltaí ó EPSO. ...”;

ar leathanach 4, Roinn V, pointe 2, an t-alt deireanach:

in ionad:

“Is é líon a bheidh i líon na n-iarrthóirí a n-iarrfar orthu dul chuig an ionad measúnaithe ná a thrí oiread, ar a mhéad, líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo arna lua san fhógra comórtais seo; foilseofar sin ar shuíomh gréasáin EPSO (www.eu-careers.eu).”

léitear:

“Tabharfar cuireadh chun an ionaid mheasúnaithe do thrí oiread ar a mhéad líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo, mar atá leagtha síos san fhógra seo, agus foilseofar líon na n-iarrthóirí a gheobhaidh cuireadh ar shuíomh EPSO (<http://blogs.ec.europa.eu/eu-careers.info/>).”;

ar leathanach 5, Roinn VI, pointe 2:

in ionad:

“2. An t-ionad measúnaithe:	... Scrúdófar na hinniúlachtaí sin ar na bealaí seo a leanas: (d) cás-staidéar sa réimse i dtrácht (e) gníomhaíocht i ngrúpa (f) agallamh struchtúrtha”
------------------------------------	---

léitear:

“2. Ionad measúnaithe	... Scrúdófar na hinniúlachtaí sin ar na bealaí seo a leanas: (d) cás-staidéar ⁽¹⁾ sa réimse a roghnaíodh (e) gníomhaíocht i ngrúpa (f) agallamh struchtúrtha
------------------------------	--

(1) Is é an Bord Roghnúcháin a bhailíochtaíonn ábhar na dtrialacha.”;

ar leathanach 6, Roinn VIII, pointe 2:

in ionad:

“2. An t-iarratas a sheoladh	Ag céim níos déanaí agus ar choinníoll gur duine de na hiarrthóirí tú a n-iarrfar ort dul go dtí an t-ionad measúnaithe, beidh ort, má iarrtar é, iarratas iomlán a chur isteach (iarratas leictreonach sínithe agus doiciméid tacaíochta). Spríodhata: cuirfear an spríodhata in iúl duit in am agus i dtráth trí do chuntas EPSO. Sonraí praiticiúla: féach Alt 2.2 den treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte.”
-------------------------------------	--

léitear:

“2. An Comhad Iarratais	Má tá tú ar dhuine de na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh ⁽²⁾ chun na dtrialacha measúnaithe, beidh ort an comhad iomlán a bhaineann le d'iarratas a bhreith leat (an fhoirm iarratais ar líne agus í sínithe mar aon leis na doiciméid tacaíochta) chuig an ionad measúnaithe. Sonraí praiticiúla: féach pointe 6.1 de na treoracha do chomórtais oscailte.
--------------------------------	---

(2) Cuirfear dáta do choinne san ionad measúnaithe in iúl duit in am agus i dtráth trí do chuntas EPSO.”;

ar leathanach 6 cuirtear isteach:

“IX. FAISNÉIS BHREISE

Gan dochar do na hachomhairc dá bhforáiltear in Airteagal 90 agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú iarratas ar athscrúdú a chur isteach sna cásanna seo a leanas:

- murar chomhlíon EPSO na forálacha faoina bhfuil nós imeachta an chomórtais,
- murar comhlíon an bord roghnúcháin na rialacha maidir lena chúraimí.

Tabhair do d'aire go bhfuil lánrogha ag an mbord roghnúcháin maidir lena chinneadh cé chomh ceart nó mícheart atá do fhreagraí.

Má bhíonn d'iarratas ag teacht le hinniúlacht an bhoird roghnúcháin, cuirfidh EPSO do litir ar aghaidh chuig cathaoirleach an bhoird roghnúcháin agus cuirfear freagra chugat a luaithe is féidir é.

Ní mór duit d'arratas, agus an foras atá leis, a chur isteach faoi cheann 10 lá féilire ón dáta a chuir EPSO an litir ar líne chugat:

- leis an bhfoirm teagmhála ar shuíomh gréasáin EPSO,
- nó le facs chuig an uimhir seo: +32 22979611.

Bíodh mar ábhar na litreach:

- uimhir an chomórtais,
 - d'uimhir iarrthóra,
 - ceann de na fráasáí seo a leanas: 'demande de réexamen', 'request for review', 'Antrag auf Überprüfung' (do rogha),
 - céim an chomórtais i gceist (mar shampla: trialacha iontrála, iontráil arna diúltú, ionad measúnaithe); luaitear sin sa Ghearmáinis, sa Bhéarla nó sa Fhraincis amháin.
-

ATHBHREITHNIÚ AR IRISÍ OIFIGIÚLA C A “COMÓRTAS”

Anseo thíos gheobhaidh tú liosta de na heagráin C A a foilsíodh le linn na bliana reatha.
Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, foilsítear leagan den IO i ngach teanga.

5	
27	(RO)
29	
33	
34	
36	(DA)
41	(BG)
43	(EN)
49	(ET)
50	(HU)
51	(SL)
54	(DE/EN/FR)
58	(EN/GA)
75	
81	
82	

COSTAS SÍNTIÚIS 2013 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 1 300 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + DVD bliantúil	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 1 420 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 910 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, DVD míosúil (carnach)	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 100 sa bhliain
Forlónadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, DVD, eagrán amháin sa tseachtain	Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE	EUR 200 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith C — comórtais earcaíochta	Teanga(cha) de réir comórtais(as)	EUR 50 sa bhliain

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Dhá shraith atá san Iris Oifigiúil, L (Reachtaíocht) agus C (Faisnéis agus Fógraí).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, a foilsíodh in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl ceangal ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh, faoi láthair, na gníomhartha go léir a tharraingt suas as Gaeilge ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Dá bhrí sin, déantar na heagrán Gaeilge den Iris Oifigiúil a dhíol astu féin leis an bpobal.

Is éard atá san Fhorlónadh ar an Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar DVD ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat larscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi larscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Díolacháin agus síntiúis

Na síntiúis do thréimhseacháin éagsúla a gcaithfear íoc astu, amhail an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá siad ar fáil ónár n-oifigí díolacháin. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

Tairiscíonn EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>

